Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 18 Samhain 2025
(OR. en)

14663/25
ADD 1

RECH 476
COAFR 288

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCINNEADH ÓN gCOMHAIRLE lena n-údaraítear tús a chur leis an gcaibidlíocht le Poblacht Chónaidhme na Nigéire i ndáil le comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Chónaidhme na Nigéire maidir le comhar san eolaíocht agus sa teicneolaíocht |

# TREORACHA LE hAGHAIDH NA CAIBIDLÍOCHTA IDIR AN tAONTAS EORPACH AGUS POBLACHT CHÓNAIDHME NA NIGÉIRE MAIDIR LE COMHAR SAN EOLAÍOCHT AGUS SA TEICNEOLAÍOCHT

## 1. Ábhar

Is é is aidhm don chaibidlíocht comhaontú a thabhairt i gcrích maidir le comhar san eolaíocht agus sa teicneolaíocht, i gcomhréir le hAirteagal 186 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

Leis an gcomhaontú, ba cheart comhar déthaobhach a bhunú, a chur chun cinn agus a neartú, agus ar an gcaoi sin creat ginearálta a sholáthar faoinar féidir le heintitis na bpáirtithe oibriú le chéile ar thaighde, ar fhorbairt theicneolaíoch agus ar thaisealbhadh chun tairbhe an dá pháirtí.

2. Raon feidhme an chomhair

Leis an gcomhar atá le bunú leis an gcomhaontú sin, ba cheart gníomhaíochtaí chláir réime ilbhliantúla an Aontais a chumhdach faoi réir na dtéarmaí agus na gcoinníollacha a leagtar síos i mbunghníomhartha na gclár, agus in aon riail eile a bhaineann le cur chun feidhme na gclár sin.

3. Foirmeacha agus modhanna comhair

D’fhéadfadh na foirmeacha seo a leanas a bheith i gceist leis an gcomhar faoin gcomhaontú:

Rannpháirtíocht eintiteas dlítheanach atá bunaithe sa Nigéir i ngníomhaíochtaí indíreacha faoin gclár réime is infheidhme de chuid an Aontais um thaighde agus um nuálaíocht agus rannpháirtíocht eintiteas dlítheanach atá bunaithe san Aontas i dtionscadail taighde agus nuálaíochta na Nigéire in earnálacha comhchosúla;

Cuairteanna agus malartuithe idir eolaithe, agus eagrú imeachtaí ina ndírítear ar thopaicí eolaíocha agus teicniúla;

Staidéir agus measúnuithe arb é is aidhm dóibh comhar idir an dá pháirtí a neartú agus a struchtúrú;

Aon ghníomhaíocht eile a chur chun cinn arb é is aidhm di cur chun feidhme an chomhaontaithe sin a éascú, go háirithe malartú faisnéise eolaíche agus teicniúla agus gníomhaíochtaí comhordúcháin.

4. Coinníollacha le haghaidh gníomhaíochtaí comhoibríocha

Maidir le heintitis dhlítheanacha atá bunaithe sa Nigéir, ba cheart rannpháirtíocht na n-eintiteas sin i ngníomhaíochtaí indíreacha faoi chláir an Aontais a bheith faoi réir na rialacha is infheidhme maidir le rannpháirtíocht agus scaipeadh a ghlac Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle le haghaidh chlár réime ilbhliantúil an Aontais faoi Airteagal 182 CFAE.

Ba cheart foráil a dhéanamh sa chomhaontú a mhéid is féidir maidir leis an bprionsabal i dtaca le rochtain eintiteas atá bunaithe san Aontas i gcláir na Nigéire, i gcomhréir le coinníollacha na gclár náisiúnta sin.

Ba cheart foráil a dhéanamh sa chomhaontú maidir le creat faoina bhféadfar coinníollacha sonracha le haghaidh gníomhaíochtaí comhoibríocha díreacha a chomhaontú, lena n-áirítear coinníollacha maidir le húsáid thorthaí na ngníomhaíochtaí sin agus cearta maoine intleachtúla a d'fhéadfadh a bheith ann.

5. Maoiniúchán

Na gníomhaíochtaí comhoibríocha faoin gcomhaontú atá beartaithe, tá siad le cistiú laistigh den bhuiséad airgeadais atá ar fáil agus tá siad le déanamh i gcomhréir le rialacha na bpáirtithe féin.

6. An comhaontú a bhainistiú

Ba cheart comhchoiste a chur ar bun chun na gníomhaíochtaí faoin gcomhaontú a chur chun cinn agus chun faireachán agus measúnú a dhéanamh orthu.

7. Tréimhse ama

Ba cheart an comhaontú a thabhairt i gcrích go ceann tréimhse gan teorainn. Ba cheart clásal a bheith ann lena gceadófaí do cheachtar páirtí é a fhoirceannadh faoi réir fógra i scríbhinn.